

Ionadluach agus bonn a deich

	Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
Torthaí Foghlama	tuiscint a fháil ar uimhir a deich mar bhunús le haghaidh ionadluacha agus comhairimh.	tuiscint a fháil go bhfuil luachanna difriúla ag digití ag brath ar a n-áit nó suíomh in uimhir. meastachán a úsáid chun luachanna uimhriúla agus áirimh uimhriúla a fháil amach go tapa.	sloinn uimhriúla choibhéiseacha a fiosrú trí úsáid a bhaint as córas bhonn a deich.	iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir deachúlacha agus céatadáin (agus codáin) a chur i gcomparáid, a chur in ord agus a chur in iúl i dtéarmaí gaolmhara.
Coincheapa matamaiticiúla	Is féidir uimhreacha a idirdhealú de réir an luach cainníochtúil atá acu.	Braitheann luach na digite ar a háit san uimhir. Seasann áit na digite do luach na digite, ar a deis, méadaithe faoi dheich.	Is ionann luach gach digite i slánuimhir nó uimhir dheachúil agus iolra de luach a háite.	Is iad codáin, deachúlacha agus céatadáin trí bhealach chun coibhneasa 'cuid-iomlán' a chur in iúl.
	Feidhmíonn deich mar bhonn ár n-uimhreachórais.	Nuair a chuirtear deich gcinn de na haonaid ionadluacha (m.sh. aonta, deiceanna) le chéile, cruthaítear aonad ionadluacha nua (m.sh. deich, céad).	Léiríonn luach slánuimhreach nó uimhir dheachúil, luach na suime gach ceann dá comhdhigití.	Is éard atá i gceist le huimhir chóimheasta, aon uimhir is féidir a scríobh mar chodán, sa chás gur slánuimhreacha iad an t uimhreachóir agus an t ainmneoir, agus ní hionann an t ainmneoir agus náid.
	Tá 10 ndigit san uimhreachóras bhonn a deich atá bunaithe ar ghrúpaí de deich.	Is féidir coibhneas comhionannais nó neamhionannais a bheith idir cainníocht amháin agus ceann eile.	Baineann prionsabal bhonn a deich le gach slánuimhir agus gach uimhir dheachúil.	Is uirlisí úsáideacha iad iolraí de 10 chun tiontú idir codáin, deachúlacha agus céatadáin.
	In uimhir 2-dhigit, seasann an digit ar chlé do luach níos mó.	Is féidir 0 a úsáid mar ionadchoinneálaí, a ligean dúinn an uimhir a thairgeadh go cruinn.	D'ainneoin na nodaireachta comhghnásaí, is féidir uimhreacha a léiriú ar bhealaí difriúla, comhionanna, ach úsáid a bhaint as ábhair choincréiteacha (m.sh. $46 = 4$ dheich agus 6 aonad nó 3 dheich agus 16 aonad).	Is bealach é céatadán chun codán de chéad a chur in iúl nó bealach eile chun céadú a scríobh. Ciallaíonn 'céatadán' as céad agus baineann sé úsáid as an nodaireacht %.
		Is féidir uimhreacha a shlánú nó a mheas chun meastacháin luacha a chur ar fáil.	Is gnás é an pointe deachúlach a scarann an chuid slánuimhreach den uimhir (ar chlé) ón gcuid chodáin den uimhir (ar dheis).	
			Leathnaíonn córas ionadluacha bhonn a deich go deo i ndá threo ag iolrú (ar chlé) nó ag roinnt (ar dheis) trí iolraí de dheich.	